

## CÚRAM IMSHAOIL

## Gníomhaíocht CI05B

**Téama**

Gníomhaíocht ranga (GR). Smaoineoidh na daltaí ar fadhb imshaoil eile a mbeadh spéis ann in Éirinn - scaipeadh an diúilicín riabhach, speiceas neamhdhúchasach sliogéisc atá in uiscí na hÉireann.

**Cuspóirí**

Iniúchadh a dhéanamh ar fíor-chásanna fadhbanna imshaoil in Éirinn le tuiscint a fháil ar réimse na saincheisteanna agus na spéiseanna a bhaineann leis. Ag

imscrúdú chomh coimpléascach agus a bhíonn cás ar leith.

**Snáitheanna Curaclaim**

OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht - Feasacht agus cúram imshaoil

OSIE, Eolaíocht - Dúile Beo; Plandaí agus Ainmhithe

OSIE, Tíreolaíocht - Imshaoil dhaonna; Imshaoil nádúrtha

OSPS - Mé féin agus an domhan mór; Saoránacht a fhorbairt

**Scileanna**

Ag ceistiú, ag breathnú, ag iniúchadh, ag clárú agus ag plé

**Am**

20 nóiméad cur i láthair; 40 nóiméad plé agus ról-imirt

**Nascadh le Scoileanna Glasa**

Ag smaoineamh ar fhadhbanna imshaoil áitiúla

# Diúilicíní riabhacha

## AG PLÉ SAINCHEISTEANNA IMSHAOIL


**CAD A THEASTÓIDH UAIT**

→ An scéal ar an Diúilicín riabhach agus preasráitis atá faoi iamh

**CAD A DHÉANFAIDH TÚ**

- 1 Léigh 'Scéal an diúilicín riabhaigh' leis an rang agus pléigh cad a cheapann siad don scéal ar dtús agus aon cheisteanna atá acu.
- 2 Roinn na daltaí i ngrúpaí agus tabhair amach cóipeanna den phreaschomhad.
- 3 Tabhair amach cóipeanna den tábla atá faoi iamh. Tabhair ról do na grúpaí ón tábla atá agat dá gcuid freagraí agus iarr orthu tobsmaoineamh ar na freagraí a d'fhéadfaidís a thabhairt ar a gcuid ról maidir leis an diúilicín riabhach a chur i láthair.

- 4 Iarr ar gach grúpa a gcuid smaointe a chur i láthair. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh i bhfoirm cruinniú poiblí nó díospóireachta a d'fhéadfadh a bheith ar an raidió nó ar an teilifís.



## CÚRAM IMSHAOIL

## Gníomhaíocht CI05B

ar leanúint →

### Ar aghaidh leat

- 1 Samhlaigh gur iascaire tú agus go bhfuil tú tar éis a theacht trasna ar dhiúilicín riabhach don chéad uair i loch beag áitiúil. Cad a cheapann tú ba chóir duit a dhéanamh?
- 2 Déan plé leis an rang cé air a bhfuil an fhreagracht maidir leis an bhfadhb seo. Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh lena chosc? Cad is féidir linn a fhoghlaim as seo maidir le fadhbanna eile a d'fhéadfadh a bheith ann? Sa chás seo is deacair a rá go ndearna aon duine aon rud mícheart; tharla an fhadhb mar gheall go seolann báid agus daoine níos mó sa saol atá inniu ann agus tugann siad speicis seachtracha leo ar an mbealach. Mar sin ar cheart dúinn a bheith ag súil go dtarlóidh fadhbanna mar seo?

## CÚRAM IMSHAOIL

## Gníomhaíocht CI05B

### SCÉAL AN DIÚILICÍN RIABHAIGH

Is sliogiasc é an diúilicín riabhach a bhaineann leis an diúilicín. Tá an diúilicín in Éirinn le fada an lá agus is minic go bhfaightear feadh chósta na hÉireann é. Níl an diúilicín riabhach cosúil leis an diúilicín sa mhéid go maireann siad san fhionnuisce (aibhneacha ags lochanna) agus ní itheann daoine iad. Faigheann sé a ainm óna dathanna stríocacha atá ar a shliogán. Ní speiceas dúchasach é: ní facthas in Éirinn don chéad uair é go dtí na 1990adaí.

Is in imchuacha na Mara Duibhe agus sa Mhuir Chaisp san Eoraip atá bunús an diúilicín riabhaigh. Greamaíonn sé é féin de chabhlaacha bád, agus is é sin an chaoi a dtéann sé ar fud na hEorpa, é i bhfolach ar bháirsí chanálacha agus bhealaí uisce na hEorpa. Shroich sé Sasana in 1824 agus creidtear gur shroich sé an tír seo ar chabhlaacha bád daraláimhe ón mBreatain a dfoladh in Éirinn. Creidtear gur tugadh isteach go hÉirinn é i gceantair in íochtar Abhainn na Sionainne thart ar 1994 agus tugadh faoi deara é ar dtús i Loch Deirgeirt i 1997.

Is iarbhaí beaga bídeacha a bhíonn sna diúilicíní riabhacha ar dtús agus iad cineál cosúil le torbáin. Snámhann na iarbhaí sin san uisce ar feadh trí seachtaine nó mar sin sula socraíonn siad iad féin ar dhromchla éigin crua. Ní thógann sé ach trí mhí ar dhiúilicín riabhach dul ó chéim na huibhe go dtí go mbíonn sé ina dhiúilicín riabhach óg. Scaipeann diúilicíní riabhacha go tapa mar gheall go bhfuil siad in ann ál mór a bheith acu in achar gearr agus mar gheall go dtéann an iarbha chuig áiteanna nua. Greamaíonn an t-ál iad féin d'aon dromchla crua a fhaigheann siad, carraigeacha, clocha, céanna, báid, píopaí, plandaí agus i roinnt cásanna speicis diúilicíní eile.

Bíonn roinnt tionchar ag na diúilicíní riabhacha ar na haibhneacha agus ar na lochanna ina mbíonn siad. Bíonn costas mór ag baint leis na dromchlaí ar a mbíonn sé i bhfostú a ghlanadh. Greamaíonn lear mór diúilicíní iad féin ar dhromchlaí crua an-tapa, agus bíonn cuid acu chomh trom is go mbánn siad bullaí agus ancair ar an tSionainn. De bhrí nach diúilicíní dúchasacha iad in Éirinn bíonn tionchar ollmhór acu ar flora agus fauna dúchasach fionnuisce. Tá sé léirithe go háirithe ag taighde go mbíonn drochthionchar ag diúilicíní riabhacha ar dhiúilicíní fionnuisce

dúchasacha. Faigheann diúilicíní riabhacha bia trí phlandaí beaga bídeacha agus ainmhithe beaga a shú isteach ón uisce. Fásann go leor diúilicíní riabhacha nuair a bhíonn na iarbhaí socraithe in áit ar leith, agus bíonn tionchar ollmhór ag na diúilicíní riabhacha seo ar an méid bia a bhí ar fáil in aibhneacha agus i lochanna ina mbíonn siad. Bíonn tionchar aige sin ansin ar na plandaí agus ar na hainmhithe a mhaireann sa ghnáthóg.

Tá baint ag roinnt comhlachtaí rialtais in Éirinn le scaipeadh an diúilicín riabhaigh a rialú. Caithfidh gach duine a bhaineann úsáid as aibhneacha agus lochanna a bheith freagrach as scaipeadh an diúilicín riabhaigh a rialú, iascairí slaite, úinéirí bád agus údaráis áitiúla ina measc. Cé go bhfuil baol ann go sroichfidh an diúilicín riabhach beagnach gach abhainn agus loch fionnuisce in Éirinn, féadfar ráta scaipthe an diúilicín a laghdú trí chomhoibriú a fháil ó gach duine lena mbaineann an scéal. Is féidir roinnt céimeanna a ghlacadh ar nós gan báid a fhágáil san uisce níos faide ná mar is gá, báid a ghlanadh go rialta agus a chinntiú go mbíonn siad nite sula n-aistrítear iad chuig abhainn/loch nó canáil dhifriúil.

## CÚRAM IMSHAOIL

## Gníomhaíocht CI05B

ar leanúint →

### PREASCHOMHAD AR DHIÚILICÍNÍ RIABHACHA

#### 1. Eolas ó láithreán gréasáin Bhord Iascaigh Réigiún an Iarthair ([www.wrfb.ie](http://www.wrfb.ie))

Tá imní mhór curtha in iúl ag Bord Iascaigh Réigiún an Iarthair mar gheall go bhféadfaí an 'Diúilicín Riabhach' a thabhairt isteach i gcóras na Coiribe. Tá an t-ainmhí andúchasach seo atá cosúil leis an diúilicín mara ach go bhfuil sé beag le stríocaí ag dul anonn agus anall ar a shliogán, ag tógáil seilbh ar lochanna móra Mheiriceá agus ar áiteanna uisce eile a bhfuil sé tagtha isteach iontu trí thimpiste.

Agus é a bheith faighte ar an tSionainn tá imní mhór ann anois go bhféadfadh sé bealach a aimsiú isteach i gcóras na Sionainne agus fanacht ansin. Ag glacadh na lochanna aolchloiche eile a ndeachaigh an t-ainmhí seo isteach iontu, d'fhéadfadh sé tionchar tromchúiseach a bheith aige ar éiceolaíocht na lochanna.

Glacann na hainmhithe seilbh ar an áit má bhíonn na coinníollacha ann dóibh sin a dhéanamh. Bíonn deis níos fearr acu maireachtáil áit a mbíonn substráit chrua agus soláthar uisce alcaileach oiriúnach. Tá coinníollacha iontacha in íochtar na Coiribe don ainmhí seo.

Bunaíonn an t-ainmhí é féin in áit agus bíonn líon mór acu in achar an-ghearr. Tá na mílte acu faighte in uisce eile in aghaidh gach méadair chearnaigh.

Maireann go leor de na bric i Loch Coirib ar phlanctón, go háirithe i dtús a saoil. Is mar gheall ar an bplanctón agus an ribe róibéis atá dath bándearg ar bhreac na Coiribe. D'fhéadfadh deireadh a theacht leis sin anois.

I lochanna eile áit a bhfuil an speiceas le fada is iomaí fadhb atá feicthe de bharr an t-ainmhí a bheith ag lobhadh cois locha i ndiaidh stoirmeacha geimhridh, agus boladh bréan uathu dá bharr.

Táimid ag impí ar gach duine a úsáideann an t-uisce freagracht mhór a ghlacadh agus aird a thabhairt ar shraith treoirilínte agus iad ag smaoineamh báid, innill, uisce, gléas iascaireachta agus gach trealamh a thabhairt ó abhantrach amháin go abhantrach eile.

NÁ AISTRIGH báid ó Chóras na Sionainne chuig aon chóras uisce eile, go háirithe chuig Loch Coirib, Measca agus Loch Ceara.

Lean na nósanna imeachta atá molta LE DO THOIL agus tú ag cur bád ar an uisce.

Chomh maith leis sin ní cóir d'iascairí a thabharfaidh baotí amach san uisce ná díoltóirí le heascanna beo uisce a thógáil as an Sionainn riamh agus é a

chaitheamh amach in aon chóras uisce eile de bhrí go ndeirtear go scaiptear an Iarbha mar seo.

Tá bileog eolais speisialta ar fáil d'aon duine ar spéis leo an t-ábhar ach í a iarraidh ó Bhord Iascaigh Réigiún an Iarthair, Weir Lodge, Earl's Island, Gaillimh. Teil: (091) 563118/9/0 Faics: (091) 566335 Ríomhphost: [info@wrfb.ie](mailto:info@wrfb.ie)

#### 2. Sligo Champion, 29 Lúnasa 2001

#### Imní ar Bhord faoi dhiúilicíní riabhacha a bheith faighte i loch

Tá feachtas seolta ag Bord Iascaigh an Iarthuaiscirt le cosc a chur ar dhiúilicíní riabhacha scaipeadh ar Loch Garbhóg agus ar Loch Gile.

Léirigh an Bord imní an tseachtain seo faoi dhiúilicíní riabhacha a bheith sna lochanna, agus tá suirbhé ar bun féachaint cé chomh fairsing is atá an speiceas, ach tuigtear chomh luath agus a théann na diúilicíní riabhacha amach i loch ná in abhainn go síolraíonn siad an-tapa.

Cuireadh tús leis an suirbhé mar gheall gur thángthas ar dhiúilicíní riabhach a bhí greamaithe do bhád ar An Gharbhóg agus aimsíodh tuilleadh diúilicíní ann, agus líon an-bheag acu i bpáirt de Loch Gile.

Tá fógraí ag tabhairt eolais d'iascairí slaithe conas cosc a chur ar scaipeadh an diúilicíní riabhaigh ag Loch Gile ar crochadh.

## CÚRAM IMSHAOIL

## Gníomhaíocht CI05B

ar leanúint →

### 3. The Leitrim Observer, 12 Aibreán 2000

#### Os cionn 300 iascaire slaithe ag fanacht glan ar Loch Meilbhe

Tá 300 iascaire nach mbeidh ag teacht chuig Loch Meilbhe i mbliana mar gheall ar scaipeadh an diúilicín riabhaigh sa loch, de réir Chathaoirleach Chomhairle Chontae Liatroma, an Comhairleoir Tony Ferguson.

Ag labhairt dó ag cruinniú den Chomhairle san Aibreán d'iarr an Comhairleoir Ferguson ar Bhainisteoir an Chontae maoiniú a chur ar fáil le haghaidh aonad níocháin do bháid ar Loch Meilbhe le cosc a chur ar dhiúilicíní riabhacha scaipeadh a deir sé atá ag cur isteach go mór ar stoic éisc.

Deir an Comhairleoir Ferguson go bhfuil na húdaráis áitiúla eile agus lucht leasa iascaireachta ag cur maoiniú ar fáil don tionscadal seo agus d'iarr sé go ndéanfadh Comhairle Chontae Liatroma amhlaidh.

Deir an Comhairleoir Ferguson gur fadhb mhór do dhaoine áitiúla í an fhadhb chomh maith le heacnamaíocht na háite. Deir sé go bhfuil 300 iascaire ag diúltú teacht go Loch Meilbhe i mbliana mar thoradh air.

Thacaigh an Comhairleoir Siobhán McGloin lena mholadh agus deir sí gur ceist an-tromchúiseach í seo agus go bhfuil an-imní ar iascairí Loch Meilbhe.

Deir sí go bhfuil cinneadh déanta gan aon chomórtais a reachtáil ar Loch Meilbhe chun cosc a chur ar bháid ón taobh amuigh a theacht isteach, mar gheall ar an imní mhór atá ann.

Deir an Comhairleoir Ferguson go bhfuil an scéal ag dul in olcas an-tapa agus d'iarr ar an gComhairle breathnú ina dhiaidh.

## CÚRAM IMSHAOIL

## Gníomhaíocht CI05B

**FREAGRAÍ – PREASCHOMHAD AR AN DIÚILICÍN RIABHACH**

Ón léitheoireacht atá déanta agat ar an bpreaschomhad ar an diúilicín riabhach, conas a chuirfeá síos ar fhreagraí agus ar thuairimí na ndaoine a bhfuil baint acu leis an scéal?

<b>Grúpaí nó daoine aonair a bhfuil baint acu leis an scéal</b>	<b>Cad a cheapfaidís</b>
Iascairí slaite nó iascairí áitiúla	
Comhlacht as an Ríocht Aontaithe a dhíolann báid in Éirinn	
Bord turasóireachta a chuireann saoire feadh uiscebhealaí na hÉireann chun cinn	
Eolaí mara rialtais	
Dalta scoile a chónaíonn in aice na Sionainne	